IRISH RESEARCH COUNCIL
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn

CLÁR SCOLÁIREACHTA IARCHÉIME
RIALTAS NA hÉIREANN 2020

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

CLÁR ÁBHAIR

1. SAINMHÍNITHE 3
3. LÉARGAS GINEARÁLTA AR AN SCOLÁIREACHT 3
4. RIACHTANAIS INCHÁILITHE 4
5. LUACH NA SCOLÁIREACHTA 5
6. TRÉIMHSE NA SCOLÁIREACHTA 5
7. COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA NA SCOLÁIREACHTA 6
8. LÁTHAIR NA SCOLÁIREACHTA 7
9. FREAGRACHTAÍ AN MHAOIRSEORA 8
10. RIARACHÁN AGUS INIÚCHÓIREACHT AIRGEADAIS 8
11. ATHBHREITHNIÚ AR AN DUL CHUN CINN 10
12. DUALGAIS BHREISE LASMUIGH DE CHÚRAMAÍ NA SCOLÁIREACHTA 10
13. DÁMHACHTAINÍ BREISE 11
14. AN SCOLÁIREACHT A CHUR AR FIONRAÍ 11
15. FOIRCEANNADH NA SCOLÁIREACHTA 12
16. AN SCOLÁIREACHT A CHRÍOCHNÚ 12
17. EITIC AGUS DEARBHÚ CÁILÍOCHTA 12
18. IONRACAS TAIGHDE 13
19. AISTRIÚ EOLAIS 13
20. ROCHTAIN OSCAILTE 14
21. GNÉ GNÉIS/INSCNE 14
22. AITHEANTAS GO BHFUARTHAS MAOINIÚ ÓN GCOMHAIRLE 14
23. DÍNIT I MBUN TAIGHDE 14

AGUISÍN I 16

AGUISÍN II 17

1. SAINMHÍNITHE

1.1. Ciallóidh **an Chomhairle** an Chomhairle um Thaighde in Éirinn.
1.2. Ciallóidh **téarma an mhaoinithe** an tréimhse idir dáta tosaithe oifigiúil agus dáta críochnaithe comhaontaithe na scoláireachta.
1.3. Chun críocha na scoláireachtaí seo, **ciallóidh institiúid ardoideachais (HEI)** institiúid ardoideachais in Éirinn laistigh den bhrí a thugtar dó sin in Alt 1 den Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971; agus/nó a fhaomhtar chun críocha an Tionscnaimh um Tháillí in Aisce; agus/nó bheith ag fáil maoiniú poiblí de shaghas éigin eile ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá liosta de na hinstitiúidí ardoideachais in Éirinn atá incháilithe anseo.
1.4. Chun críocha na scoláireachtaí seo, ciallóidh **Éire** Poblacht na hÉireann.
1.5. Ciallóidh **tionscadal taighde** an saothar taighde atá beartaithe ag an scoláire agus atá ceadaithe ag an gComhairle.
1.6. Ciallóidh **scoláire** an duine a mbronnfar an scoláireacht air nó uirthi.
1.7. Ciallóidh **Scoláireacht** Scoláireacht Iarchéime Rialtas na hÉireann na Comhairle um Taighde in Éirinn.
1.8. Ciallóidh **ciste scoláireachta** an maoiniú i leith na scoláireachta.

Ciallóidh Maoirseoir an duine nó na daoine atá freagrach as tacaíocht agus treoir a thabhairt don scoláire agus as cáilíocht an taighde a dhéantar faoin scoláireacht a chinntiú.

2. CHOMHAIRLE UM THAIGHDE IN ÉIRINN

Is é an misean ag an Comhairle a chur ar chumas agus pobal taighde beoga agus cruthaitheach a chothú in Éirinn. Maoiníonn an Chomhairle taighdeoirí den scoth ar fud na ndisciplíní uile agus spreagann sí taighde idirdhisciplíneach agus rannpháirtíocht le fiontar. Éascaíonn an Chomhairle forbairt gairme na dtaighdeoirí trí mhaoiniú a thabhairt dóibh siúd atá ag céim luath dá ngairm taighde chun comhcheangal a dhéanamh le foirne taighde bunaithe a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta bainte amach acu as a gcuid oibre, lena n-áirítear iad siúd a oibríonn go dlúth le fiontar. Is é príomhchuspóir straitéiseach ag an Comhairle ná córas taighde atá bunaithe ar shaineolas a thógáil chun cumas agus scileanna cruthaitheacha agus nuálaíochta na hÉireann a fheabhsú i dtimpeallacht dhomhanda atá ag athrú go tapaidh áit a bhfuil eolas ríthábhachtach d'fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha. Tá sé ríthábhachtach do mhisean ag an Comhairle tacú le forbairt an tsaineolais taighde lena gcur i bhfeidhm laistigh den saol acadúil, fiontar, sochaí sibhialta agus beartas poiblí agus mar sin deiseanna gairme éagsúla a sholáthar do dhaoine aonair cumasacha.

3. LÉARGAS GINEARÁLTA AR AN SCOLÁIREACHT

3.1. Is tionscnamh seanbhunaithe Clár Scoláireachta Iarchéime Rialtas na hÉireann, atá maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus á bhainistiú ag an gComhairle.

3.2. Is é cuspóir Clár Scoláireachta Iarchéime Rialtas na hÉireann na Comhairle um Thaighde in Éirinn ná tacaíocht a thabhairt d'iarratasóirí máistreachta agus dochtúrachta atá cáilithe go hoiriúnach atá ag déanamh taighde lánaimseartha in aon disciplín, nó a bhfuil sé ar intinn acu an taighde sin a dhéanamh[1]. Tugann an clár deis do scoláirí sármhaithe a gcuid tionscadal taighde féin a stiúradh ag staid luathghairme, ag obair le maoirseoir, i cibé réimse suime a roghnaíonn siad.

[1] Ní thugann an Chomhairle maoiniú i leith céimeanna máistreachta ar bhonn teagaisc.

3.3. Oibríonn roinnt ranna agus gníomhaireachtaí rialtais i gcomhar leis an gComhairle chun tacú leis an gclár seo mar bhealach chun ár gcomhchuspóirí náisiúnta a bhaint amach. Is iad an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (DFAT) comhpháirtithe maoiniúcháin straitéiseacha na Comhairle don bhliain 2020.

4. RIACHTANAIS INCHÁILITHE

4.1. Ní mór do gach iarratasóir:

4.1.1. céim bhaitsiléara chéadonóracha nó dara honóracha grád 1, nó a coibhéis, a bheith acu[2]. Mura bhfuil torthaí an scrúdaithe bhunchéime ar eolas ag an am a dhéantar an t-iarratas, féadfaidh an Chomhairle an scoláireacht a bhronnadh go sealadach ar an gcoinníoll go mbainfidh an scoláire céim bhaitsiléara chéadonóracha nó dara honóracha grád 1 amach. Mura bhfuil céim bhaitsiléara chéadonóracha nó dara honóracha grád 1, nó a coibhéis, ag an scoláire, ní mór céim mháistir a bheith aige nó aici. Is ag an gComhairle a bheidh an cinneadh críochnaitheach i leith incháilitheacht iarratasóra ar bhonn na gcritéar sin;

4.1.2. ar choinníoll nach ndearna siad dhá iarratas neamhrathúil ar an gclár cheana, sna téamaí comhpháirtíochta straitéiseacha san áireamh;

4.1.3. ar choinníoll nach bhfuil dhá iarratas neamh-incháilithe déanta acu cheana féin ar an gclár, lena n-áirítear sna téamaí comhpháirtíochta straitéiseacha

4.1.4. i gcás iarratais ar mháistreacht taighde, nach bhfuil an t-iarratasóir I seilbh scoláireacht ón gComhairle faoi láthair, nó nach raibh an t-iarratasóir i seilbh scoláireacht cheana;

4.1.5. i gcás iarratais ar chéim dhochtúireachta, nach bhfuil an t-iarratasóir i seilbh scoláireacht ón gComhairle faoi láthair, nó nach raibh an t-iarratasóir i seilbh scoláireacht cheana, seachas ceann a chabhraigh leis/léi céim mháistreachta a bhaint amach.

4.2. Cuirfear iarratasóirí i gceann de dhá chatagóir ar bhonn náisiúntachta agus cónaitheachta. I gcás chatagóir a haon, ní mór d'iarratasóirí an **DÁ** chritéar seo a leanas a chomhlíonadh:

- a bheith ina náisiúnach de bhallstát an Aontais Eorpaigh **NÓ** an Íoslainn, an Iorua, Lichtinstéin nó an Eilvéis.

  AGUS

- go raibh gnáthchónaí air/uirthi[3] i mBallstát den Aontas Eorpach **NÓ** san Íoslainn, san Iorua, sa Lichtinstéin nó san Eilvéis ar feadh tréimhse leanúnach de ar a laghad trí bliana den chúig bliana roimh 1 Meán Fómhair 2020.

I ngach cás eile is i gcatagóir a dó a bheidh iarratasóirí. Coimeádann an Chomhairle aici féin an ceart chun fianaise dhoiciméadaithe de náisiúntacht agus áit chónaithe an iarratasóra a éileamh.

[2] Ba chóir gurbh ionann torthaí na céime a chuirtear isteach sa bhfoirm iarratais agus a fhormhuiníonn an institiúid ardoideachais agus torthaí iomlán an iarratasóra agus gur féidir é seo a dheimhniú sna tras-scríbhinní oifigiúla. Mura ndeimhníonn na tras-scríbhinní torthaí iomlána an iarratasóra agus an dáta ar ar bronnadh iad **go cruinn** mar a éilítear san iarratas, déanfar aon tairiscint scoláireachta choinníollach a tharraingt siar. Ní mór ábhar tacaíochta neamh-in-aischurtha a sheoladh ar aghaidh chuig an gComhairle le haghaidh cigireachta sula gcuirtear tús leis an scoláireacht. Ní mór go mbeadh stampa agus síniú oiriúnach ar na tras-scríbhinní ar fad chun go mbeifear in ann a dheimhniú gur doiciméid oifigiúla iad den institiúid atá i gceist.

[3] Tagraíonn 'gnáthchónaí' don áit ina bhfuil buanchónaí ar an iarratasóir faoin dlí. Ní mheasfar briseadh a bheith sa chónaí san áit sin más de bharr an t-iarratasóir nó céile nó tuismitheoirí an té sin a bheith i mbun oiliúna, oideachais nó fostaíochta a bhíothas as láthair ó thír an ghnáthchónaithe.

4.3. Cé go mbronnfar an chuid is mó de na scoláireachtaí ar iarratasóirí a thagann faoi chatagóir a haon, bronnfar roinnt áirithe scoláireachtaí ar iarratasóirí as an ngnáth a thagann faoi chatagóir a dó.

5. LUACH NA SCOLÁIREACHTA

5.1. Beidh luach iomlán nach mó ná **€24,000** [4]in aghaidh aon bhliana faofa i gceist leis an gciste scoláireachta, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

5.1.1. stipinn **€16,000** in aghaidh na bliana;

5.1.2. cuid de na táillí, táillí scoláireachta neamh-AE san áireamh, is iníoctha leis an institiúid ardoideachais, suas le **€5,750**[5] in aghaidh na bliana ar a mhéad. Caithfidh an scoláire agus/nó an institiúid ardoideachais aon difríocht a íoc. Ní mór d'aon scoláire a bhfuil tarscaoileadh táillí acu óna institiúid ardoideachais, nó áit nach ngearrtar táille ar bith, nó má íocann tríú páirtí na táillí go hiomlán nó i bpáirt, ní mór dóibh é seo a chur in iúl don Chomhairle agus do na hoifigí cuí ina institiúid ardoideachais, agus ní bheidh siad i dteideal an chuid sin den scoláireacht a bhaineann le táillí a fháil;

5.1.3. costais dhíreacha incháilithe i leith taighde, suas le **€2,250** in aghaidh na bliana, lena chur ar chumas an scoláire an tionscadal taighde a dhéanamh. Féach ar Aguisín I chun treoir a fháil faoi cad is costas díreach incháilithe i leith taighde ann.

5.2. Níl na costais a thabhaítear lasmuigh den téarma maoinithe incháilithe faoin Scoláireacht.

6. TRÉIMHSE NA SCOLÁIREACHTA

6.1. Tabharfaidh an scoláireacht tacaíocht d'iarratasóirí ar mháistreachtaí agus ar dhochtúireachtaí atá ag déanamh taighde lánaimseartha, nó a bhfuil sé ar intinn acu taighde lánaimseartha a dhéanamh, in aon disciplín[6].

6.2. Más iontrálaí nua an scoláire don chéim a bhfuil siad ag lorg maoinithe ina leith, beidh siad i dteideal iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú do thréimhse na céime de réir mar a shonraítear thíos:

Cineál na céime	Tréimhse an mhaoinithe atá le bronnadh
Céim mháistreachta trí thaighde	1 bhliain
Céim mháistreachta struchtúrtha trí thaighde	2 bhliain
Céim dhochtúireachta thraidisiúnta	3 bliana
Céim dhochtúireachta struchtúrtha	4 bliana

[4] Tá uasmhéid na dámhachtana bunaithe ar ranníocaíocht uasta táille €5,750. Beidh an ranníocaíocht táille deiridh in aghaidh na bliana éagsúil de réir an chineáil chéime, na hinstitiúide ardoideachais agus an chláir ábhartha, ach ní bheidh sé níos mó ná €5,750. Tá ré an mhaoinithe a bhraitear ag brath ar an gcineál céime atá á leanúint agus ar an gcéad chlárúchán don chéim seo mar atá sonraithe san iarratas.

[5] Athróidh ranníocaíocht iomlán na dtáillí in aghaidh na bliana de réir chineál na céime, na hinstitiúide ardoideachais agus an chláir ábhartha.

[6] Ní mhaoiníonn an Chomhairle clár máistreachta múinte nó máistir páirtaimseartha nó clár dochtúireachta.

6.3. Do scoláirí a bhfuil cuid den chéim a bhfuil siad ag lorg maoinithe ina leith críochnaithe acu, tá tréimhse an mhaoinithe atá le bronnadh ag brath ar an gcineál céime atá á dhéanamh acu agus ar dháta an chéadchláraithe de réir mar a shonraítear thíos:

Cineál na céime	**Dáta an chéadchláraithe**	**Tréimhse an mhaoinithe atá le bronnadh**
Céim mháistreachta struchtúrtha trí thaighde	1 Meán Fómhair 2019 go 31 Lúnasa 2020 (tá clárúcháin a rinneadh roimh an 1 Meán Fómhair 2018 neamh-incháilithe)	1 bhliain
Céim dhochtúireachta thraidisiúnta	1 Meán Fómhair 2019 go 31 Lúnasa 2020	2 bhliain
	1 Meán Fómhair 2018 go 31 Lúnasa 2019 (tá clárúcháin a rinneadh roimh an 1 Meán Fómhair 2017 neamh-incháilithe)	1 bhliain
Céim dhochtúireachta struchtúrtha	1 Meán Fómhair 2019 go 31 Lúnasa 2020	3 bliana
	1 Meán Fómhair 2018 go 31 Lúnasa 2019	2 bhliain
	1 Meán Fómhair 2017 go 31 Lúnasa 2018 (tá clárúcháin a rinneadh roimh an 1 Meán Fómhair 2016 neamh-incháilithe)	1 bhliain

Iarrfar ar oifig an leasuachtaráin/déan an taighde rannpháirtíocht an scoláire sa chineál céime sonraithe agus dáta an chéadchláraithe don chéim seo mar atá leagtha amach san iarratas a dhearbhú. Ní dhéanfar aon eisceacht do na dátaí céadchláraithe thuasluaite ach amháin dóibh siúd a ghlac sos gairme incháilithe[7] óna gcláir chéime.

6.4. Nuair atá scoláire ag déanamh clár céime struchtúrtha, iarrfar ar oifig an leasuachtaráin/déan an taighde a dhearbhú go bhfuil forbairt eolais, taighde agus scileanna inaistrithe a bhaineann le disciplín ar leith mar chuid den chlár sin, de réir an tsainmhínithe a thugtar ar chlár taighde struchtúrtha in Aguisín II. Coimeádann an Chomhairle aici féin an ceart chun scoláireacht a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh má sháraítear an ceanglas sin.

7. COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA NA SCOLÁIREACHTA

7.1. Ní mór do gach scoláireacht tosú ar an 1 Meán Fómhair 2020. Ní féidir scoláireachtaí a chur ar athló ach amháin de bharr sos gairme incháilithe[7].

7.2. Is é príomhdhualgas an scoláire ná go n-éireoidh leis an scoláireacht a fuair sé maoiniú dó a chur i gcrích.

7.3. Tá scoláireachtaí faoi réir na dTéarmaí agus na gCoinníollacha seo agus faoi réir aon choinníollacha breise eile a leagtar amach i dtairiscint na scoláireachta. Má sháraítear aon cheann de na Téarmaí agus Coinníollacha sin, coimeádann an Chomhairle aici féin

[7] Is ionann sos gairme incháilithe, mar shampla, agus saoire mháithreachais, saoire atharthachta, saoire do thuismitheoirí, saoire bhreoiteachta fhadtéarmach agus saoire chúramóra. Beidh ar an iarratasóir fianaise i scríbhinn faoin sos gairme incháilithe a sholáthar má táthar ag éileamh eisceachta.

an ceart chun an scoláireacht a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh agus d'fhéadfadh sí a éileamh go n-aisíocfaí aon íocaíochtaí a rinneadh cheana féin.

7.4. Coimeádann an Chomhairle aici féin athruithe a dhéanamh ar na Téarmaí agus Coinníollacha gan fógra roimh ré.

7.5. Déanfar na Téarmaí agus na Coinníollacha seo a rialú agus a fhorléiriú de réir dhlíthe na hÉireann, agus géillfidh gach páirtí do dhlínse chúirteanna na hÉireann go sainráite agus go neamh-inchúlghairthe.

7.6. Déanfaidh an Chomhairle gach iarracht nósanna imeachta a ghlacadh atá ag teacht le beartais rialtas na hÉireann maidir le forbairt na sochaí faisnéise agus, dá réir sin, déileálfar le cumarsáid leictreonach atá fíordheimhnithe mar ba cheart mar a bheadh iarratas atá comhionann go dlíthiúil le hiarratas páipéir.

7.7. Ní bhailíonn an Chomhairle faisnéis maidir le haitheantas mac léinn scoláirí nó aon chineál sainaitheantais eile a úsáideann institiúidí óstacha, mar sin ba cheart go n-aithneofaí na scoláirí ag an ID tionscadail ábhartha a shanntar dóibh ag an gcéim iarratais i gcónaí. Tá sé de fhreagracht ar an priomh institiúid taifead a choinneáil de ID Tionscadail na scoláirí agus an rud céanna a úsáid i ngach cineál comhfhreagrais agus tuairiscithe a iarrann an Chomhairle.

7.8. Bronntar dámhachtainí scoláireachta ar scoláirí aonair, ag tabhairt faoi deara foráil 8.1 thíos.

7.9. Is faoin scoláire atá sé an Chomhairle a chur ar an eolas faoi aon athrú ar sheoladh, ar uimhir theileafóin nó ar sheoladh ríomhphoist tráth nach déanaí ná dhá sheachtain I ndiaidh an athraithe. Ba cheart é seo a dhéanamh tríd an gcóras ar líne.

7.10. Tá an fhreagracht ar an institiúid ardoideachais cinntiú go bhfuil rochtain ag scoláirí ar nósanna imeachta éifeachtacha chun fadhbanna a thagann aníos i rith riartha nó maoirsithe a scoláireacht a réiteach.

7.11. Sa chás ina mbíonn fadhbanna tromchúiseacha ag scoláire le maoirsiú nó le haon ábhar acadúil eile nach féidir a réiteach ag leibhéal na roinne, ba cheart dóibh an gnás casaoide atá ag an institiúid ardoideachais a leanúint. Má bhíonn na fadhbanna seo dosháraithe, ba cheart don scoláire an Chomhairle a chur ar an eolas láithreach.

7.12. Ba cheart don institiúid ardoideachais a chinntiú go bhfuil polasaí maidir le teidlíocht saoire bhliantúil soiléir agus réasúnta ann agus go gcuirtear in iúl é don scoláire ag tús na scoláireachta.

7.13. Mura mbíonn scoláire in ann a thionscadal a dhéanamh de réir na dTéarmaí agus na gCoinníollacha seo, ba cheart don scoláire agus dá mhaoirseoir é seo a chur in iúl don Chomhairle agus do na hoifigí ábhartha ina institiúid ardoideachais. Ní mór don scoláire é seo a dhéanamh tráth nach déanaí ná dhá sheachtain tar éis don fhadhb teacht aníos. Cloífidh an Chomhairle leis na gnáthchomhghnásanna atá ag institiúid ardoideachais an scoláire; é sin ráite, coimeádann sí an ceart aici féin an scoláireacht a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh.

8. LÁTHAIR NA SCOLÁIREACHTA

8.1. Ní mór do scoláirí:

8.1.1. a bheith ina mic léinn lánaimseartha cláraithe le hinstitiúid ardoideachais incháilithe in Éirinn;

8.1.2. a bpríomháit chónaithe a choinneáil in Éirinn (mar atá sonraithe) le linn tréimhse na scoláireachta;

8.1.3. bheith i láthair sna rannóga bainteacha i rith na scoláireachta agus bheith ina gcónaí laistigh d'fhad réasúnta taistil ón institiúid ardoideachais;

8.1.4. rialacháin an Stáit maidir le hinimirce a shásamh murar náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach iad, ná den Íoslainn, den Iorua, den Lichtinstéin ná den Elvéis. Is faoin scoláire agus an institiúid ardoideachais, agus údaráis inimirce chuí an Stáit, a bheidh sé na socruithe inimirce a dhéanamh eatarthu.

8.2. D'ainneoin fhoráil 8.1, aithnítear gur féidir le scoláirí tairbhe a bhaint as cuid den scoláireacht a chaitheamh lasmuigh dá n-institiúid ardoideachais. D'fhéadfadh na rudaí seo a leanas bheith i gceist:

8.2.1. freastal ar chúrsaí atá ábhartha dá n-oiliúint scoláire. De ghnáth, tabharfaidh an Chomhairle cead freastail ar chúrsaí den chineál sin atá níos mó na ceithre seachtaine ar fhad;

8.2.2. cuid den bhliain acadúil a chaitheamh i mbun taighde in Éirinn nó thar lear.

8.3. Chun cead a fháil cúrsa níos mó ná ceithre seachtaine a dhéanamh, ní mór don scoláire iarratas a dhéanamh don Chomhairle agus tacaíocht scríofa ón mhaoirseoir a chur leis an iarratas sin. Ní bheidh an Chomhairle faoi dhliteanas i leith táille ná costas breise ar bith a bhainfidh leis na deiseanna seo. Ar a bharr sin, is faoin scoláire agus a institiúid ardoideachais socruithe a dhéanamh i dtaobh árachas taistil agus tionóisce pearsanta nuair atá deis mar seo á ghlacadh. Ní mór taifead a choinneáil faoi thurais a bhaineann le taighde mar chuid den tuarascáil ar dhul chun cinn a éilítear.

8.4. Cé go bhfuil an Chomhairle ag súil go gcuirfidh scoláirí a gcuid taighde i gcrích san institiúid ardoideachais chéanna a bhí beartaithe ar an gcéad dul síos san iarratas, tuigeann an Chomhairle go bhféadfadh imthosca eisceachtúla a bheith ina gcúis le hathrú ar an láthair nó le hathrú an mhaoirseora acadúil. Sna cásanna seo, ní mór don scoláire agus don mhaoirseoir beartaithe nua agus/nó an institiúid ardoideachais litir a scríobh don Chomhairle ag míniú an chúis go bhfuil athrú á éileamh. Scrúdóidh an Chomhairle tuillteanais an iarratais agus glacfaidh sí cinneadh ar cibé an leanfaidh an maoiniú ar aghaidh sna cúinsí nua nó nach leanfaidh.

9. FREAGRACHTAÍ AN MHAOIRSEORA

9.1. Éilíonn an Chomhairle go mbeadh teagmháil rialta ag scoláirí agus maoirseoirí. Ní mór do mhaoirseoirí a bheith lonnaithe san institiúid ardoideachais chéanna ina bhfuil an scoláire.

9.2. Má fhágann scoláire a institiúid ardoideachais nó mura bhfuil scoláire ag caitheamh a dhóthain ama ar an scoláireacht nó ag déanamh a dhóthain iarrachta don scoláireacht, is é an maoirseoir a bheidh freagrach as a chinntiú go gcuirfear é seo in iúl don Chomhairle.

10. RIARACHÁN AGUS INIÚCHÓIREACHT AIRGEADAIS

10.1. Cé go mbronntar an dámhachtain ar an scoláire aonair, déanfar an ciste scoláireachta a riar tríd an oifig chuí laistigh den institiúid ardoideachais.

10.2. Ar choinníoll go gcomhlíontar na Téarmaí agus Coinníollacha seo agus go bhfaightear tuarascálacha ar dhul chun cinn sásúla, íocfar an ciste scoláireachta d'institiúid ardoideachais

an scoláire, go ráithiúil roimh ré, agus íocfar an chéad tráthchuid chomh luath agus a thosaíonn an scoláireacht. Tá sé de fhreagracht ag an institiúid ardoideachais íocaíocht an chiste scoláireachta a dhéanamh chuig an scoláire gan mhoill.

10.3. Braitheann íoc an chiste scoláireachta go hiomlán ar mhaoiniú leanúnach a bheith á fháil ag an gComhairle ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ón gcomhpháirtí maoiniúcháin straitéiseach (nuair is cuí). Má chuirtear deireadh lena leithéid de mhaoiniú nó má laghdaítear é, ní bheidh an Roinn Oideachais agus Scileanna, an comhpháirtí maoiniúcháin straitéiseach ná an Chomhairle faoi dhliteanas ar bith i dtaobh maoiniú a chur ar fáil ná cúiteamh a dhéanamh le scoláire as aon laghdú ar an maoiniú sin, ná as é a chur ar ceal.

10.4. Is í an institiúid ardoideachais a bheidh freagrach as úsáid cheart an chiste scoláireachta agus cuntasach faoi. Ní féidir leis an institiúid ardoideachais aon chuid den chiste a úsáid chun forchostais nó costais riaracháin a chlúdach.

10.5. Tá an scoláire, i gcomhar lena mhaoirseoir, freagrach as pleanáil airgeadais chuí a dhéanamh i rith na scoláireachta.

10.6. Is faoin scoláire, faoin institiúid ardoideachais agus faoi Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim a chinntiú go gcomhlíontar dlíthe agus rialacháin na hÉireann maidir le cáin.

10.7. Fanfaidh aon áiseanna, ábhair nó trealamh, lena n-áirítear bogearraí agus crua-earraí a cheannaítear ag baint úsáide as an gciste scoláireachta, de chuid an scoláire.

10.8. Ní sholáthrófar maoiniú ach amháin don tionscadal taighde mar atá curtha i láthair san iarratas. Ní mór cead i scríbhinn a lorg ón gComhairle sula n-athraítear aon rud suntasach sa tionscadal taighde i rith na tréimhse maoinithe. Déanfar iarratais den chineál seo a phiarmheasúnú go neamhspleách agus beidh cinneadh na Comhairle críochnaitheach maidir le ceadú na n-athraithe atá beartaithe.

10.9. Níl cead cistí a thabhairt ar aghaidh ón mbliain scoláireachta roimhe faoin teideal speansais taighde dhíreacha incháilithe. Ní cheadófar cistí a thabhairt ar aghaidh a bronnadh mar stipinn nó mar ranníocaíocht táillí.

10.10. Coimeádann an Chomhairle aici féin an ceart deimhniú a éileamh ó iniúchóirí eachtracha na hinstitiúide ardoideachais:

- 10.10.1. go bhfuil cuntais bhliantúla na hinstitiúide ardoideachais cothrom le dáta agus gur cheadaigh na hiniúchóirí iad gan choinníoll;
- 10.10.2. nár tharraing an litir bhainistíochta ó na hiniúchóirí aníos aon ábhar a raibh nó a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar riar na scoláireachta a bhronn an Chomhairle;
- 10.10.3. gur úsáideadh an t-airgead a fuarthas faoin scoláireacht chun na críche ar bronnadh é lena haghaidh.

10.11. Coimeádann an Chomhairle aici féin an ceart chun iniúchtaí a choimisiúnú ar an institiúid ardoideachais rannpháirteach lena chinntiú go bhfuil ceanglais airgeadais nó ceanglais eile á gcomhlíonadh aici. Glacann an institiúid ardoideachais uirthi féin athbhreithnithe den sórt seo a éascú.

10.12. Ní ghlacann an Chomhairle le haon fhreagracht airgeadais, eiticiúil, dlíthiúil nó eile, do chaiteachas nó dliteanais a eascraíonn as obair atá maoinithe ag scoláireachtaí. Caithfidh an institiúid ardoideachais an Chomhairle a shlánú ar chaiteachas nó dliteanais agus in aghaidh aon chaingean dlí, imeachtaí, costais, damáistí, nó aon

éileamh ar speansais nó éileamh a bhaineann, ach go háirithe, gan teorainn, le cúiteamh a d'fhéadfadh an institiúid ardoideachais mar fhostóir a bheith faoi dhliteanas ina leith nó eile, nó aon éileamh a bhaineann le maoin intleachtúil.

10.13. Ba cheart don institiúid ardoideachais a chinntiú go dtugtar aon airgead nár caitheadh ar ais don Chomhairle laistigh de shé mhí tar éis dheireadh thréimhse maoinithe an scoláire nó laistigh de shé mhí ó dheireadh na scoláireachta má chuirtear deireadh leis roimhe sin.

11. ATHBHREITHNIÚ AR AN DUL CHUN CINN

11.1. Tá an Chomhairle den tuairim go bhfuil tábhacht shuntasach ag baint le nósanna imeachta i ndáil le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht taighde agus le dul chun cinn éifeachtach faoin scoláireacht a áirithiú.

11.2. Ní mór don scoláire agus don mhaoirseoir, in éineacht leis an institiúid ardoideachais, tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn agus tuarascáil airgeadais a chur faoi bhráid na Comhairle. Mura gcuirtear na tuarascálacha seo ar fáil, cuirfear íocaíochtaí na scoláireachta ar fionraí go dtí go bhfaightear na tuarascálacha.

11.3. Má chuirtear isteach tuarascálacha míshásúla, coimeádann an Chomhairle aici féin an ceart coiste athbhreithnithe a ghairm chun an scoláireacht a mheasúnú de réir na n-aidhmeanna a leagadh amach sa togra bunaidh. Má iarrtar é, ní mór don scoláire agus dá mhaoirseoir freastal ar an gcoiste chun tuairisc a thabhairt faoin dul chun cinn atá déanta go dtí sin. Tabharfaidh an Chomhairle aiseolas don scoláire á chur in iúl:

11.3.1. go ndéanfar an scoláireacht a athnuachan ar feadh tréimhse theoranta bhreise agus go ndéanfar athbhreithniú ar dhul chun cinn an scoláire I ndiaidh na tréimhse seo; nó

11.3.2. go gcuirfear deireadh leis an scoláireacht.

12. DUALGAIS BHREISE LASMUIGH DE CHÚRAMAÍ NA SCOLÁIREACHTA

12.1. Ní mór do scoláire tabhairt faoin scoláireacht go lánaimseartha i rith na tréimhse maoinithe agus gan aon dualgas eile a bheith aige a d'fhéadfadh cur isteach ar a chumas a thaighde a dhéanamh i rith gnáthuaireanta oibre na hinstitiúide ardoideachais. Bíonn an Chomhairle ag súil leis go gcríochnóidh scoláirí an iarchéim a fuair siad maoiniú dó laistigh den tréimhse maoinithe.

12.2. Is bunriachtanach an rud é an teagasc i leith eolas a struchtúrú agus a scaipeadh agus ba chóir a mheas go bhfuil fiúntas ag gabháil leis ó thaobh ghairm an scoláire de. Tugann an Chomhairle cead do scoláirí dualgais a chomhlíonadh, lena n-áirítear maoirsiú, soláthar oideachais agus gníomhaíochtaí tacaíochta, sa dara bhliain dá gcéim agus sna blianta ina dhiaidh sin, má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

12.2.1. go bhfaigheann an scoláire ceadú roimh ré ón mhaoirseoir agus go gcoinníonn siad taifead den cheadú sin;

12.2.2. nach mbíonn níos mó ná 50 uair san iomlán in aghaidh an téarma acadúil i gceist sna dualgais bhreise sin agus nach gcuireann siad isteach ar chumas an scoláire a thaighde a dhéanamh;

12.2.3. go bhfuil na dualgais bhreise ábhartha don taighde maoinithe ag an scoláireacht agus ag dul leis an bplean oiliúna agus forbartha gairme atá socraithe ag an scoláire agus a mhaoirseoir.

Má thugann scoláirí faoina leithéid de dhualgais teagaisc nó léirithe sa liosta thuas, ba cheart go bhfaigheadh siad íocaíocht iomchuí astu óna n-institiúid ardoideachais. Ní bheidh aon tionchar ag na híocaíochtaí seo ar an méid iomlán a fhaigheann an scoláire ón scoláireacht. Is faoin scoláire, faoin institiúid ardoideachais agus faoi Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim a chinntiú go gcomhlíontar dlíthe agus rialacháin na hÉireann maidir le cáin.

12.3. Ó am go ham, iarrfaidh an Chomhairle ar an scoláire freastal ar ócáidí nó ar chruinnithe eagraithe ag an gComhairle.

12.4. B'fhéidir go n-iarrfar ar scoláirí a fhaigheann scoláireacht ón GCC agus ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála an t-eolas is déanaí a thabhairt faoina dtionscadal dá gcomhpháirtí maoiniúcháin straitéiseach, nó go n-iarrfar orthu freastal ar ócáidí nó cruinnithe más gá. Ní sháróidh na gníomhaíochtaí seo 12 uair in aon mhí amháin agus d'fhéadfadh sé go n-áireofaí leo láithreoireachtaí, cruinnithe faisnéise agus páipéir thaighde.

13. DÁMHACHTAINÍ BREISE

13.1. Ní bheidh scoláire i dteideal scoláireacht den Chomhairle a bheith aige má bhíonn sparánacht nó scoláireacht eile nó meascán de sparánachtaí nó scoláireachtaí eile á fáil aige nó aici i rith na tréimhse maoinithe dár luach iomlán níos mó ná €16,000 in aghaidh na bliana. Cuirtear dámhachtain chothabhála, táillí agus costais taighde san áireamh sa teorainn seo de €16,000 in aghaidh na bliana.

13.2. Ní mór do scoláirí an Chomhairle a chur ar an eolas faoi mhéid agus fhoinse aon dámhachtain nó sparánacht a bhfaightear roimh dheireadh nó le linn na tréimhse maoinithe. Ní mór an fhaisnéis sin a thaifeadadh freisin sna tuarascálacha cuí ar dhul chun cinn.

13.3. Má chuireann an scoláire iarratas isteach ar fhoinse eile le haghaidh dámhachtain bhreise i rith na tréimhse maoinithe, caithfidh siad a chur in iúl mar chuid den iarratas (cibé an éilítear é seo nó nach n-éilítear) go bhfuil Scoláireacht Iarchéime Rialtas na hÉireann ón gComhairle um Thaighde in Éirinn acu agus an Chomhairle a chur ar an eolas roimh an iarratas a chur isteach. Caithfidh an maoinitheoir/na maoinitheoirí eile aontú gur féidir scoláireacht na Comhairle a bheith ag an scoláire in éineacht leis a ndámhachtain(í) féin. Ní bheidh aon bhaint ag an gComhairle leis na cinntí a dhéanfaidh gníomhaireachtaí maoiniúcháin eile in imthosca ar bith.

13.4. Tuigeann an Chomhairle, áfach, go n-aithníonn dámhachtainí, dár luach níos mó ná €16,000 in aghaidh na bliana iad, fiúntas sármhaith an scoláire ó am go ham. Moltar do scoláirí gurb i gcásanna eisceachtúla amháin agus ar bhonn cás-ar-chás ar féidir dámhachtainí aonair den chineál sin a bheith ag an scoláire in éineacht le scoláireacht na Comhairle. Tá glacadh lena leithéid de dhámhachtainí breise i rith théarma maoinithe na scoláireachta faoi réir cead a fháil ón gComhairle roimh ré.

14. AN SCOLÁIREACHT A CHUR AR FIONRAÍ

14.1. Bíonn an Chomhairle ag súil leis go gcríochnóidh scoláirí an scoláireacht i rith tréimhse leanúnach amháin agus b'fhearr léi nach gcuirfí an dámhachtain ar fionraí. Nuair a cheadaítear fionraí, níor cheart do thréimhse na fionraí a bheith níos mó ná bliain féilire amháin i rith saolré na dámhachtana.

14.2. Féadfaidh scoláirí iarratas a dhéanamh don Chomhairle chun a ndámhachtain a chur ar fionraí:

14.2.1. ar chúiseanna a bhaineann le sos gairme incháilithe[7]; nó

14.2.2. ar mhaithe le hintéirneacht a dhéanamh, má chuireann an intéirneacht sin le agus má tá sí ábhartha don tionscadal taighde, agus ag teacht leis an bplean oiliúna agus forbartha gairme, agus nach maireann sé níos mó ná naoi mí. Ní mór don scoláire agus dá institiúid ardoideachais teacht ar shocrú maidir le clúdach árachais do rannpháirtíocht in intéirneacht.

Is ag an gComhairle a bheidh an cinneadh fionraí a cheadú. Ní íoctar an ciste scoláireachta i rith na tréimhse sin.

14.3. Tá scoláirí i dteideal a ndámhachtain a chur ar fionraí ar feadh tréimhse suas go dtí bliain féilire amháin ar chúiseanna a bhaineann le saoire mháithreachais. Ní íoctar an ciste scoláireachta i rith na tréimhse sin. Iarrtar ar scoláirí breathnú ar Pholasaí Saoire Mháithreachais na Comhairle, atá ar fáil anseo.

14.4. Is faoin scoláire agus a institiúid ardoideachais teacht ar shocrú maidir le táillí cláraithe nó acadúla breise a thabhaíonn an scoláire má chuirtear a scoláireacht ar fionraí. Ní bheidh an Chomhairle faoi dhliteanas i dtaobh na dtáillí breise seo.

15. FOIRCEANNADH NA SCOLÁIREACHTA

15.1. Aithníonn an Chomhairle go bhféadfadh gur mian le scoláire a scoláireacht a fhoirceannadh roimh am ar chúiseanna pearsanta nó gairmiúla. Níor chóir an gníomh seo a dhéanamh gan dul i gcomhairle leis an gComhairle roimh ré.

15.2. Má tá sé ar intinn ag scoláire a scoláireacht a fhoirceannadh roimh am, éileoidh an Chomhairle fianaise maidir leis an dul chun cinn acadúil suas go dtí an dáta imeachta. Má mheasann an Chomhairle nach leor an dul chun cinn a rinne an scoláire, féadfaidh an Chomhairle iarraidh ar an scoláire nó ar an institiúid ardoideachais, nó orthu araon, an t-airgead a tugadh dóibh a aisíoc.

16. AN SCOLÁIREACHT A CHRÍOCHNÚ

16.1. Má chuireann scoláire cóip faoi chlúdach bog dá thráchtas isteach le haghaidh mionscrúdaithe roimh dháta deiridh sonraithe na tréimhse maoinithe, ní mór dóibh é seo a chur in iúl don Chomhairle i scríbhinn agus deireadh a chur le tarraingt as aon airgead atá fágtha ina chuntas scoláireachta ag deireadh na míosa féilire inar cuireadh isteach an chóip faoi chlúdach bog dá thráchtas.

16.2. Éilítear ar an scoláire a chur in iúl i scríbhinn don Chomhairle nuair a éiríonn leis nó léi a c(h)éim iarchéime a bhaint amach. Tá an Chomhairle i dteideal freisin an t-eolas seo a fháil go díreach ó insitiúid ardoideachais an scoláire.

16.3. Déanann an Chomhairle suirbhéanna sprice ar a gcuid scoláirí go tráthrialta. Aontóidh an scoláire na ceisteanna sa suirbhé seo a fhreagairt.

16.4. Má athraíonn sonraí teagmhála an scoláire tar éis dóibh an dámhachtain a chríochnú, ba cheart dóibh na sonraí nua a chur ar fáil don Chomhairle tríd an gcóras ar líne.

17. EITIC AGUS DEARBHÚ CÁILÍOCHTA

17.1. Ní fhéadfaidh an Chomhairle maoiniú a bhronnadh i leith gníomhaíocht taighde faoi aon cheann de na réimsí toirmiscthe seo a leanas:

17.1.1. clónáil daoine chun críocha atáirgthe;

17.1.2. modhnú géiniteach de dhaoine áit a bhféadfadh an modhnú sin a bheith inoidhreachta (ach amháin i gcás taighde a bhaineann le cóireáil ailse na ngónad, ar féidir é a mhaoiniú);

17.1.3. suthanna daonna a chruthú chun críche taighde nó chun críche gaschealla a fháil, agus an cuspóir nó na cuspóirí sin amháin i gceist, agus aistriú núicléas cille sómaí san áireamh.

17.2. Tá an fhreagracht ar institiúidí ardoideachais ceisteanna eiticiúla a bhaineann le taighde an scoláire a aithint agus an t-údarás faofa nó rialála cuí a chur ar an eolas fúthu. Ba cheart go ndeonófar ceadú taighde a dhéanamh sula dtosaíonn aon obair a bhfuil ceadú ag teastáil uaidh. Ba cheart sainmhíniú leathan a thabhairt ar cheisteanna eiticiúla a bhféadfadh cóid chleachtais, i measc rudaí eile, a chuimsiú; úsáid rannpháirtithe, fíochán nó sonraí daoine sa taighde; úsáid ainmhithe; taighde a bhféadfadh dochair a dhéanamh don timpeallacht; agus úsáid sonraí eacnamaíochta, sóisialta nó pearsanta íogair. Nuair is gá, beidh ar scoláirí a dheimhniú go bhfuair siad an ceadú eiticiúil cuí ón údarás faofa nó rialála ina institiúid ardoideachais chun a thionscadal taighde a dhéanamh.

17.3. Tá an fhreagracht ar an institiúid ardoideachais a chinntiú go bhfuil taighde an scoláire ag cloí leis na riachtanais rialála náisiúnta agus idirnáisiúnta ar fad a rialaíonn úsáid ábhar agus próiseas íogair, mar shampla raidiseatóip, radaíocht ianaíoch, ainmhithe saotharlainne nó ainmhithe eile, orgánaigh phataigineacha, orgánaigh ghéinmhodhnaithe, substaintí tocsaineacha agus guaiseacha, agus taighde ar dhaoine agus ar shuthanna daonna.

17.4. Tá an fhreagracht ar an institiúid ardoideachais an *Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann/Treoirlínte Náisiúnta Bhord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann:* a chur i bhfeidhm go háitiúil: *Dea-chleachtas in Eagrúchán Chláir Dhochtúrachta in Ollscoileanna na hÉireann* agus freagracht as tacú le ceapachán maoirseoir cuí chun tacaíocht agus treoir a thabhairt d'obair an scoláire.

17.5. Ní mór don scoláire cur amach a bheith aige ar threoirlínte náisiúnta ar nós *Polasaí agus Critéir Chlár Céime trí Thaighde* Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann.

17.6. Ní mór don scoláire agus dá institiúid ardoideachais cloí leis na dea-chleachtais maidir le cosaint, bainistíocht agus slándáil sonraí. Ní bheidh an Chomhairle faoi aon dliteanas dlíthiúil de dheasca cur isteach arna dhéanamh ag tríú páirtí.

18. IONRACAS TAIGHDE

18.1. Ní mór don institiúid ardoideachais a chinntiú go gcloítear le hiompar taighde den chaighdeán is airde agus go bhfuil próisis fhoirmeálta, chothroma agus éifeachtacha I bhfeidhm chun aon líomhaintí a bhaineann le mí-iompar taighde a fhiosrú má eascraíonn siad. Ní mór don chóras atá i bhfeidhm chun mí-iompar taighde a bhainistiú bheith ag teacht leis na bunphrionsabail atá mar bhonn ag ionracas taighde agus dea-chleachtas mar atá leagtha amach sa ráiteas polasaí maidir le *Ionracas Taighde a Chinntiú in Éirinn* agus *an Cód Iompair Eorpach maidir leis an tSláine Taighde*.

18.2. Tá ceangal ar an institiúid ardoideachais tuairisc a chur faoi bhráid na Comhairle i dtaobh gach toraidh ar chás inar cruthaíodh gur tharla mí-iompar taighde a eascraíodh as tionscadal taighde atá maoinithe ag an gComhairle.

19. AISTRIÚ EOLAIS

19.1. Spreagann an Chomhairle tráchtálú a dhéanamh ar aschur taighde mar atá leagtha amach in *'Inspiring Partnership – the national IP Protocol 2016'* agus *Putting public research to work for Ireland: Polasaithe agus nósanna imeachta a chabhraíonn le tionscal leas maith a bhaint as institiúidí taighde phoiblí na hÉireann*.

19.2. Ní éilíonn an Chomhairle dliteanas ar aon mhaoin intleachtúil a thiocfadh i gceist de thoradh na scoláireachta.

19.3. Ní mór don institiúid ardoideachais rialacha agus nósanna imeachta a bhunú chun aon mhaoin intleachtúil a thiocfaidh i gceist i rith na scoláireachta a chosaint agus a bhainistiú. Caithfidh na rialacha agus nósanna imeachta seo bheith de réir treoirlínte náisiúnta.

20. ROCHTAIN OSCAILTE

20.1. Táthar ag súil leis go gcloífidh scoláirí le polasaí na Comhairle maidir le cur fhoilsiúcháin taighde i stóir rochtain oscailte, atá ar fáil anseo. Glactar leis go mbeidh cásanna aitheanta ann nuair nach bhféadfar é seo a dhéanamh; Sna cásanna seo, ba cheart don scoláire dul i dteagmháil lena mhaoirseoir chun comhairle a lorg.

21. GNÉ GNÉIS/INSCNE

21.1. Tacaíonn an Chomhairle le cothromaíocht inscne sa chóras taighde agus nuálaíochta. Tá *Straitéis Inscne & Plean Gníomhaíochta 2013–2020 na Comhairle* ar fáil anseo. Ceanglaítear ar gach scoláire dianmhachnamh a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil aon diminsean féideartha gnéas/inscne a d'fhéadfadh teacht aníos le linn a chuid taighde.

21.2. Sa chás ina bhfuil scoláire páirteach in eagrú painéil comhdhála, líonraithe nó scaipthe a bhaineann leis an tionscadal taighde atá ar bun aige nó aici, ba chóir go dtabharfaí aird chuí ar chothromaíocht inscne ar an bpainéal nó ar na painéil sin.

22. AITHEANTAS GO BHFUARTHAS MAOINIÚ ÓN GCOMHAIRLE

22.1. Ní mór aitheantas a thabhairt go bhfuarthas maoiniú ón gComhairle in aon phoiblíocht, lena n-áirítear agallaimh, sínithe r-phoist, cinn litreach, comharthaí oifige, léachtanna poiblí, foilsiúcháin, monagraif, ábhair phriontáilte, ábhair ar líne, preasráitis, fógraíochtaí teilifíse agus raidió, suímh ghréasáin, scannáin, agus taifideadh físeáin/fuaime a bhaineann le nó a eascraíonn as an taighde atá á dhéanamh ag an scoláire. Nuair is féidir, ba cheart lógó na Comhairle a chur leis an aitheantas sin.

22.2. I gcás scoláireachtaí na gcomhpháirtithe maoiniúcháin straitéiseacha, caithfear aitheantas a thabhairt don mhaoiniú a fuarthas ón gcomhpháirtí maoiniúcháin straitéiseach atá i gceist i ngach cineál poiblíochta chomh maith (mar a leagtar síos I bhforáil 21.1).

22.3. Táthar ag súil leis go gcloífidh scoláirí le polasaí na Comhairle maidir le haitheantas a thabhairt don mhaoiniú a fuarthas an t-am ar fad. Tá an polasaí ar fáil anseo.

23. DÍNIT I MBUN TAIGHDE

23.1. Tacaíonn an Chomhairle le córas taighde ina gcuirtear ar a gcumas do thaighdeoirí lán a n-acmhainneachta a bhaint amach ag gach céim dá ngairm. Tá scoláirí agus a gcuid maoirseoirí i dteideal a gcuid taighde a chur i gcrích gan aon chineál ciaptha, íosparta ná bulaíochta a bheith á dhéanamh orthu. Tá an fhreagracht ar institiúidí ardoideachais

timpeallacht chuí oibre a áirithiú agus déileáil go tapa le gearán nó fadhb ar bith, i gcomhréir leis na gnáthaimh chasaoide atá comhaontaithe. Tá ráiteas iomlán na Comhairle ar dhínit i mbun taighde anseo.

23.2. Tá foireann go léir na Comhairle i dteideal go gcaithfí leo go múinte measúil i gcónaí agus, dá réir sin, spreagtar iad chun tuairisc a thabhairt don lucht bainistíochta ar chás sáraithe ar bith. I gcásanna ina dtéann iompar maslach nó iompar míchuí i bhfeidhm ar bhaill foirne, coimeádann an Chomhairle aici féin an ceart chun tuairisc a thabhairt ar an iompar sin do na daoine cuí san institiúid ardoideachais só san eagraíocht eile lena mbaineann an duine.

AGUISÍN I

- Ní mhaoineofar ach costais dheimhnithe a thabhaítear agus an tionscadal taighde á thabhairt chun críche, taobh istigh de théarma an mhaoinithe.

- Féadfar na costais seo a leanas a bheith ar áireamh sna costais sin, ach ní bheidh siad teoranta dóibh:

    - ábhair agus tomhaltáin;
    - costais trealaimh;
    - bogearraí agus crua-earraí atá ríthábhachtach don taighde beartaithe
        - Tá teorainn uasta €1,000 i bhfeidhm chun ríomhaire nó ríomhaire glúine a cheannach ach amháin má theastaítear i gcomhair ríomhaireachta ardfheidhmíochta iad.;
    - rochtain ar bhonneagar taighde náisiúnta ar bhonn íoctar mar a úsáidtear;
    - costais taighde cartlainne;
    - costais réasúnta ar son taistil, cothaithe agus comhdhála[8];
    - oiliúint ar scileanna a bhaineann go díreach le cuspóir(í) na scoláireachta;
    - costais foilseacháin agus scríofa amach;
    - costais réasúnta ar son taistil agus sólaistí do na hábhair agus do dhaoine a ghlacann páirt sa staidéar go deonach[9].

- Ní cheadaítear costais mhaireachtála (m.sh. cíos).

- Ní mór do dhámhachtaithe cloígh le treoirlínte na hinstitiúide maidir leis na costais taighde dhírigh incháilithe an t-am go léir.

- Ní mór don institiúid ardoideachais bainistíocht airgeadais cheart maidir leis an dámhachtain agus cuntasacht ar chaitheamh cistí poiblí a chinntiú. Ba chóir don institiúid a áirithiú go n-aisíoctar aon airgead gan chaitheamh leis an gComhairle ag deireadh an téarma mhaoiniúcháin.

[8] Ní bheidh ach costais taistil agus cothaithe atá réasúnta agus deimhnithe ar son costais taistil a bhaineann go díreach leis an scoláireacht incháilithe. Ní tháirgfear ráta in aghaidh an lae ar scoláirí i gcásanna nach soláthraítear admhálacha deimhnithe.
[9] Ní mheastar gur costais réasúnta iad dreasachtaí (ar nós airgead tirim nó dearbháin bhronntanais) ar son rannpháirtíochta.

AGUISÍN II

Is iad seo a leanas saintréithe chlár PhD in institiúid ardoideachais Éireannach. D'fhéadfadh comhoibriú idirinstitiúideach a bheith i gceist lena leithéid de chlár:

- Is í an chomhpháirt lárnach i gclár struchtúrtha PhD ná eolas a chur chun cinn trí bhuntaighde; ag an am céanna tá an PhD struchtúrtha ceaptha chun freastal ar riachtanais mhargadh fostaíochta atá níos leithne ná an saol acadúil;

- Cuireann sé taithí taighde d'ardchaighdeán ar fáil, chomh maith le hoiliúint agus torthaí atá ag teacht le noirm agus dea-chleachtas idirnáisiúnta;

- Ní mór do chlár struchtúrtha PhD, atá ag tacú leis an mbungníomhaíocht taighde, na heilimintí seo a leanas a chuimsiú:

    - clár oideachais chomhtháite agus foirmeálta, oiliúint agus gníomhaíochtaí forbartha pearsanta agus gairmiúla;
    - forbairt eolais a bhaineann le disciplín ar leith, forbairt scileanna taighde agus scileanna ginearálta/inaistrithe;
    - aschuir fhógartha agus tréithe iarchéime de réir dea-chleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta;

- Cuirtear ar fáil maoirsiú le príomh-mhaoirseoir(í), de ghnáth i gcomhar le painéal tacaíochta atá faofa ag an institiúid;

- Déantar monatóireacht fhoirmiúil ar dhul chun cinn go dtí go bhfuil an taighde críochnaithe de réir critéir foilsithe agus arna dtacú ag socruithe institiúideacha foirmeálta ar aon dul le dea-chleachtas náisiúnta gus idirnáisiúnta;

- Ní mór don tráchtas taighde a bheith chríochnaithe go rathúil agus scrúdú déanta air sula mbronnfar an chéim PhD. Ní chuirtear dochtúireachtaí gairmiúla as an áireamh sa sainmhíniú a thugtar ar PhD struchtúrtha; glactar le cineálacha éagsúla tráchtas freisin;

- Fáiltítear roimh shocrúcháin, rothluithe agus tascanna trasna earnálacha leathana den gheilleagar mar chuid den chlár struchtúrtha PhD.